

Sonraí

Ba chóir deiseanna a thabhairt do pháistí léiriú a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfaí an t-eolas agus na scileanna a fhoghlaimítear sa snáithe seo a úsáid chun foghlaim a nascadh, a threisiú agus a chur chun cinn ar fud na gceithre shnáithe idirnasctha.

	a An foghlaimeoir	b An foghlaimeoir	c An foghlaimeoir	d An foghlaimeoir	e An foghlaimeoir	f An foghlaimeoir	g An foghlaimeoir	h An foghlaimeoir	i An foghlaimeoir	j An foghlaimeoir	k An foghlaimeoir
Gnéithe	Sonraí										
Tuiscint agus Ceangal	Forbraíonn sé feasacht ar airíonna na dtacar sonraí simplí.	Déanann sé iniúchadh ar thaispeántais sonraí a aimsítear sa gharthimpeallacht agus i réimsí eile den churaclam. Baillíonn sé sonraí a bhfuil ábharthacht phearsanta leo.	Léann agus míníonn sé an t-eolas a léirítear i dtaispeántais éagsúla chatagóireacha agus uimhriúla.	Déanann sé iniúchadh ar thopaicí agus ar cheisteanna féideartha taighde agus foirmlíonn sé iad le haghaidh bailiú sonraí a bhaineann leis féin nó lena chomhthimpeallacht (Mar shampla: dath gruaige, líon peataí).	Déanann sé iniúchadh ar bhealaí difriúla chun sonraí a bhailiú agus a léiriú, agus aithníonn sé iad. Úsáideann sé suimiú simplí chun sonraí a thaifeadadh. Aithníonn sé go gcoinníonn agus/nó go léiríonn comharthaí sonraí eolas nó luach uimhriúil.	Déanann sé iniúchadh ar an gcoibhneas idir bealaí difriúla chun sonraí céanna a léiriú (Mar shampla: úsáid a bhaint a táblaí, cairteacha agus graif). Aithníonn agus sainaithníonn sé nuair a léiríonn comharthaí sonraí il-luachanna.	Úsáideann sé sonraí mar fhianaise chun tacú le smaointe, le hargóintí, le cinntí agus leis na conclúidí a dhéantar. Sainaithníonn sé an toradh is coitianta mar an modh.	Déanann sé iniúchadh ar an tslí is fearr chun sonraí a láimhseáil le haghaidh sainchuspóra agus deimhníonn sé í. Sainaithníonn sé barrachas eolais agus tugann sé neamhaird air. Déanann sé iniúchadh ar an airmheán mar luach de lár an tacair sonraí. Déanann sé imscrúdú ar an raon (.i. is tomhas é an raon a úsáidtear chun inathraitheacht nó raon na sonraí a ghabháil.) de thacar sonraí.	Déanann sé iniúchadh ar na bealaí difriúla chun sonraí a rangú agus a idirdhealú lena n-áirítear uimhriúil/catagóireach; príomhúil/tánaisteach. Déanann sé imscrúdú ar an meán (.i. is tomhas sciar chothroim den lár é an meán a chuireann na luachanna sonraí go léir a bhailítear san áireamh) de shonraí cáilíochtúla ar leith agus ríomhann sé é.	Déanann sé idirdhealú idir daonáireamh agus sampla ó dhaonra. Úsáideann sé graif chun iniúchadh agus anailís a dhéanamh ar an gcruth (Is féidir úsáid a bhaint as cruth chun cur síos a dhéanamh ar chineálacha difriúla graf. Mar shampla: siméadrach, sceabhach nó clogchruthach) de thacar sonraí.	Déanann sé iniúchadh ar an gcoibhneas idir daonáireamh, sampla ionadaíoch, méid samplach, agus daonra. Aithníonn sé gur féidir cur síos a dhéanamh ar shamplaí agus is féidir iad a chur i gcomparáid ach úsáid a bhaint as cruth, tomhais ar lár agus inathraitheacht.

	a	b	c	d	e	f	g	h	i	j	k
	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir
Gnéithe	Sonraí										
Cumarsáid	Déanann sé iniúchadh ar na bealaí difriúla inar féidir tacair sonraí a chur i láthair.	Déanann sé cur síos ar thréithe na rudaí agus na dtacar difriúil agus/nó cuireann sé lipéad orthu. Cuireann sé ceisteanna agus freagraíonn sé do cheisteanna agus/nó d'fhadhbanna a bhaineann le tréithe na dtacar sonraí.	Tugann sé sonraí sa timpeallacht dhíreach faoi deara agus déanann sé plé orthu. Pléann sé ceisteanna agus deiseanna le haghaidh sonraí a bhailiú.	Léiríonn sé agus taispeánann sé na sonraí a bhailítear ag baint úsáid as réada, pictiúir nó graif shimplí. Fiosraíonn sé agus ceapann sé ceisteanna agus ráitis bunaithe ar thaispeántais sonraí.	Léann sé, léirmhíonann sé, pléann sé agus cuireann sé ceisteanna faoi thaispeántais sonraí ar nós cairteacha nithiúla agus fiseacha (Mar shampla: picteagraim) agus graif (Mar shampla: blocghraif).	Léiríonn sé agus taispeánann sé sonraí agus úsáid á baint aige as táblaí, graif agus cairteacha, agus baineann sé ciall as torthaí agus tagann sé ar chonclúidí. Dearann sé siombail le seasamh le haghaidh eolas nó luachanna éagsúla ar thaispeántas sonraí.	Dearann sé, úsáideann sé agus léirmhíonann sé taispeántais difriúla chun sonraí a léiriú. Baineann sé úsáid as siombail mar chuid de thaispeántais sonraí chun eolas nó luachanna uimhriúla a léiriú.	Faigheann sé amach cén tslí is fearr taifead agus léiriú a dhéanamh ar sonraí le haghaidh feidhmeanna ar leith, lena n-áirítear úsáid scálaí agus eochracha eolais cuí.	Baineann sé ciall as sonraí trí úsáid a bhaint as taispeántais éagsúla (Mar shampla: barrachairteacha éagsúla, plotaí poncanna, líneghraif agus histeagraim) chun tacú le léirmhíniú agus le teacht ar thátail. Cuireann sé cosúlachtaí agus difríochtaí idir dhá thacar sonraí a bhfuil ceangal eatarthu i gcomparáid agus réimse leathan straitéisí á n-úsáid aige (Mar shampla: cruth, graif agus tomhais ar lár, inathraitheacht).	Léiríonn sé sonraí trí úsáid a bhaint as réimse leathan uirlisí a bhfuil méadú ag teacht ar a líon (mar shampla: trí úsáid a bhaint as grafpháipéar, scarbhileoga, bogearraí staitisticí). Cuireann sé sonraí isteach i mbogearraí agus cuireann sé éifeachtúlacht na gcineálacha éagsúla graf is féidir a ghineadh i gcomparáid. Déanann sé plé, cur síos agus comparáid maidir le tacair sonraí ach tagairt a dhéanamh don dáileadh, don chruth, don lár (meán, airmheán, mód) agus d'inathraitheacht (raon).	Cuireann sé cruth na sonraí san áireamh, déanann sé tomhas ar lár agus ar áirimh ábhartha eile chun anailís ar na sonraí a chur i láthair. Déanann sé cur síos ar a thuiscint ar an timthriall iniúchta iomlán.

	a	b	c	d	e	f	g	h	i	j	k
	An foghlaimoír	An foghlaimoír	An foghlaimoír	An foghlaimoír	An foghlaimoír	An foghlaimoír	An foghlaimoír	An foghlaimoír	An foghlaimoír	An foghlaimoír	An foghlaimoír
Gnéithe	Sonraí										
Réasúnaíocht	Téann sé i ngleic le réimse gníomhaíochtaí sórtála agus/nó rangaithe. Freastalaíonn sé ar thréithe de réada i dtacar sonraí.	Sórtálann sé agus rangaíonn sé réada i dtacar sonraí de réir tréith amháin, ar a laghad (Mar shampla: cruthanna dearga). Cosnaíonn sé rangaithe.	Sórtálann sé agus rangaíonn sé réada agus tacair de réir níos mó ná tréith amháin. Athshórtálann sé tacair sonraí de réir tréithe difriúla agus cosnaíonn sé é.	Fiosraíonn sé an fhéidearthacht líon mór faisnéise a léiriú ar thaispeántais sonraí. Míníonn sé agus déanann sé tátail simplí bunaithe ar shonraí a bhailítear laistigh d'fhiosrúchán.	Ildirdhealaíonn sé faisnéis idir pointí úsáideacha agus pointí bhreise chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna atá ina n-ábhair spéise. Éisteanann sé le léirmhínte daoine eile maidir le fiosruithe sonraí agus cuireann sé iad i gcomparáid lena léirmhínte féin.	Déanann sé anailís chriticiúil ar chineál agus ar oibiachtúlacht thacair sonraí simplí. Seiceálann sé agus déanann sé meas ar chruinneas agus ar réasúnacht a chuid modhanna féin i leith sonraí a bhailiú agus a léiriú. Beachtaíonn sé a chuid modhanna féin.	Dearbhaíonn sé an i dtreoir leis an taispeántas agus/nó an fhianaise atá ráitis a dhéanann daoine eile maidir le taispeántais sonraí nó nach ea. Baineann sé úsáid as taispeántais sonraí chun hipitéisí agus ceisteanna nua a ghiniúint lena bhfiosrú. Aithníonn sé comhréireacht agus an tslí ina n-eagraítear dáileadh na sonraí ar thaispeántas.	Cosnaíonn sé an chúis go mbailítear agus go léirítear tacar sonraí ar an mbealach a roghnaíodh. Gineann sé scálaí atá in oiriúint do mhéadaíocht, raon agus dáileadh na sonraí. Déanann sé meas ar na modhanna a mbaineann a chomhdhaltaí astu agus sonraí á léiriú acu.	Cosnaíonn sé na fáthanna faoin méid a chuireann na tomhais ar lár (meán agus airmheán) in iúl faoi na sonraí a bailíodh laistigh d'fhiosrúchán. Cosnaíonn sé conclúidí trí úsáid a bhaint as breithnithe agus as tomhais. Déanann sé amach réimse eolais comhthéacsúil ó phátrúin sonraí agus baineann sé tátail astu.	Fiosraíonn sé na léargais éagsúla, eolas éagsúil a thugann an meán agus an t airmheán faoin dáileadh. Déanann sé anailís chriticiúil ar chineál agus ar oibiachtúlacht léirithe sonraí coimpléascacha. Déanann sé tátail agus argóintí inchreidte atá bunaithe ar anailís ar léirithe sonraí.	Fiosraíonn sé claonadh i modhanna bailithe agus cuir i láthair sonraí. Faigheann sé amach, trí iniúchadh, a) an ionadaíocht atá sa sampla, b) déine na dtorthaí agus c) iontaofacht na sonraí a chuirtear ar fáil. Cosnaíonn siad cé acu de na tomhais láir is oiriúnaí.
Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna	Sórtálann sé agus/nó rangaíonn sé sonraí ón bhfíorshaol.	Léirmhíníonn agus meaitseálann sé tacair shonraí nó bailiúcháin sonraí a bhfuil ceangal eatarthu (Mar shampla: sceana agus foirc, péirí stocáí)	Bailíonn sé sonraí trí cheisteanna simplí a chur agus trí fhreagraí a bhailiú. Taispeánann sé sonraí agus cuireann sé i gcodarsnacht lena cheile iad i slite pearsanta.	Cuireann sé timthriall imscrúdaitheach i bhfeidhm a bhfuil cur chun cinn fadhbanna, pleanáil, bailiú sonraí, léiriú, anailís agus conclúid ann. Oibríonn sé le heolas a bhailítear fúthu féin nó faoina chomhdhaltaí mar shonraí samplacha.	Roghnaíonn sé agus cuireann sé i bhfeidhm modhanna bailiúcháin, taifeadta agus léirithe oiriúnacha sonraí i gcásanna réitigh fadhbanna difriúla.	Cuireann sé timthriall imscrúdaitheach i bhfeidhm a bhfuil cur chun cinn fadhbanna, pleanáil, bailiú sonraí, léiriú, anailís agus conclúid ann. Cuireann sé dhá luach sonraí agus/nó samplaí a bhaineann leo féin.	Cuireann sé fadhb nó ceist in iúl a bhaineann leo féin, lena dtimpeallacht, le deacrachtaí ina scoil nó ina bpobal. Bailíonn sé sonraí chun ceisteanna a fhreagairt ach suirbhé a dhéanamh, rud a thabhairt faoi deara nó turgnamh simplí a dhéanamh. Déanann sé cinntí agus tátail bunaithe ar eolas atá ann cheana féin a chuirtear ar fáil i dtaispeántais sonraí.	Cuireann sé timthriall imscrúdaitheach i bhfeidhm a bhfuil cur chun cinn fadhbanna, pleanáil, bailiú sonraí, léiriú, anailís agus conclúid ann. Cuireann sé sonraí samplacha éagsúla, a bhfuil siad féin mar chuid díobh i gcomparáid lena chéile.	Réitíonn sé fadhbanna bunaithe ar shonraí tánaisteacha ar nós nahaeráide, na timpeallachta, torthaí spóirt agus ceannlínte sna meáin.	Cuireann sé timthriall iniúchta oiriúnach i bhfeidhm a bhfuil cur chun cinn fadhbanna, pleanáil, bailiú sonraí, léiriú, anailís agus conclúid ann. Cuireann sé sonraí samplacha éagsúla i gcomparáid i gcomhthéacsanna bríocha.	Sintéisíonn sé agus déanann sé anailís ar shonraí casta le haghaidh réimse cúiseanna agus fadhbanna éagsúla. Déanann sé tástáil ar oiriúnacht tomhais an láir chun fadhb a bhaineann le sonraí a réiteach.